

# Creative Ireland KERRY 2023-2027 | SUMMARY



**The Creative Ireland Kerry 2018-2022 programme saw over 500 artists and creative makers working directly with over 120,000 people to participate in high quality Kerry specific, in person, digital and hybrid creative activities and events.**

Creative Ireland Kerry's vision for 2023-2027 is to build on this success by ensuring that creativity is an integral part of everyday life for the people of Kerry. Our 'North Star' remains that creative engagement enriches our lives and supports well-being.

We are guided by the value in preserving and promoting creativity, growing an innovative county that is anchored in well-being. We will achieve this by growing capacity in the creative sector to engage with communities in Kerry; targeting support that aligns to local and national strategic priorities; and maintaining a flexible approach to enable us to work in partnership to develop and sustain engagement opportunities across communities.

Through the Creative Ireland Kerry team, we will ensure creativity has a central role in shaping our collective future and is embedded across many core sections and departments within the work of Kerry County Council and the County Development Plan 2022-2027. We will work alongside key local, regional and national strategic partners and stakeholders with a shared vision to strategically grow the creative capacity and engagement for our citizens.

Creative Ireland Kerry 2023-2027 will support the creative sector through sustained policies, provision of infrastructure, and to develop economic opportunities for creative industries across the county. We will work in partnership with key stakeholders to increase the potential of the creative industries sector including the film, screen and creative industries sector to compete for more film and screen production to locate in Kerry, providing employment opportunities across the creative sector and wider afield.

Comhar, Cabhair, Cairdeas

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



Supporting creatives to live and make work in Kerry, and to engage with us and inspire us, is central to our vision. We will advance exploration and enjoyment, ownership and valuing of creativity, throughout the county incorporating priorities of the County's Local Area Plans.

Creative Ireland Kerry will work with the many vested stakeholders; communities, organisations, schools, businesses, and the creative sector, to grow creativity, creative engagement and offerings, and work to widely communicate the ensuing positive impact on all our lives.

We will ensure that we continue to listen and learn and ensure a space for consultation throughout the implementation of the Strategy. Feedback over the past five years continuously identified the greatest challenge to participation in creativity and culture as transport and geographical disconnection. We will ensure that accessibility is a priority within our work and the programmes we develop and support. Across all corners of the county, people will have every opportunity to grow deeper relationships with creativity, and through this, a stronger affiliation to innovation and societal well-being.

Creative Ireland Kerry 2023-2027 will:

- Build capacity and growth within the creative sector
- Create greater opportunities for creativity for young people
- Ensure flexible and responsive conditions for creativity
- Increased access to creativity across all our communities
- Deliver programmes of high artistic and creative quality
- Support creative climate action to better support our future

***By 2027, we want creativity to be easily accessible, across the county, to all that wish to participate. We want a better supported creative sector, living and working in Kerry. A County where the citizens of Kerry have opportunities to experience and participate in creativity on a regular basis, and that collectively we proudly proclaim our valuing of climate action, sustainability, creativity, and culture.***



Cuid lárnach dár bhfís is ea tacú le daoine ildánacha ó thaobh cónaí agus obair a dhéanamh i gCiarraí, a bheith rannpháirteach linn agus sinn a spreagadh. Déanfaimid an cíoradh agus an taitneamh a chur ar aghaidh, chomh maith le húinéireacht agus meas ar an gcruthaitheacht, ar fud an chontae, rud lena gcuimseofar tosaíochtaí Phleananna na Limistéar Áitiúil sa Chontae.

Oibreoidh Éire Ildánach Chiarraí leis an iliomad páirtithe leasmhara dílsithe; pobail, eagraíochtaí, scoileanna, gnólachtaí, agus an earnáil chruthaitheach, chun borradh a chur fén gcruthaitheacht, fén rannpháirtíocht chruthaitheach agus fé na tairiscintí cruthaitheacha, mar aon le hoibriú ar mhaithe le scéala a chraobhscaoileadh go forleathan maidir leis an dtionchar dearfach a leanfaidh dá thoradh san ar shaol gach éinne againn.

Cinnteoimid go leanfaimid de bheith ag éisteacht agus ag foghlaim agus ag soláthar slí i gcomhair an chomhairliúcháin le linn chur i ngníomh na Straitéise.  Tá curtha in iúl go leanúnach ón aiseolas le cúig bliana anuas gurb é an dúshlán is mó roimh an bpáirteachas sa chruthaitheacht agus sa chultúr ná an t-iompar agus an coimhthíos tíreolaíoch. Cinnteoimid gur tosaíocht a bheidh san insroisteacht laistigh dár gcuid oibre agus laistigh de na cláir a ndéanfaimid forbairt orthu agus a dtabharfaimid tacaíocht dóibh. Sna ceantair go léir den chontae, beidh gach deis ag na daoine ar chaidreamh níos doimhne a shaothrú leis an gcruthaitheacht, agus ar an so, ceangal níos láidre leis an nuálaíocht agus le folláine na sochaí a thabhairt chun cinn.

Déanfaidh Éire Ildánach Chiarraí 2023-2027 na bearta so a leanas:

- Cumas agus fás a thógaint laistigh den earnáil chruthaitheach
- A thuilleadh deiseanna a chruthú i dtaca le cruthaitheacht na ndaoine óga
- Deimhin a dhéanamh de choinníollacha freagrúla solúbtha i gcomhair na cruthaitheachta Teacht méadaithe ar an gcruthaitheacht ar fud na bpobal so againne
- Cláir ardchaighdeáin chruthaithigh ealaíonta a sholáthar
- Tacú le gníomhú cruthaitheach ar son na haeráide chun tacaíocht níos fearr a thabhairt dár dtodhchaí

*Fén mbliain 2027, is mian linn go mbeidh teacht go fuirist ar an gcruthaitheacht, ar fud an chontae, ag na daoine go léir ar mian leo páirt a ghlacadh sa chúram. Is éard a bheidh ag teastáil uainn ná earnáil chruthaitheach, a mbeifear ag tacú níos fearr léi, agus a bheidh ag cónaí gus ag obair i gCiarraí. Contae ina mbeidh deiseanna ag saoránaigh Chiarraí ar an gcruthaitheacht a thaithí agus ar a bheith páirteach go tráthrialta sa chruthaitheacht, agus ina mbeidh ár meas á fhógairt go bródúil i gcomhar le chéile againn ar an ngníomhú ar son na haeráide, ar an inbhuanaitheacht, ar an gcruthaitheacht, agus ar an gcultúr.*

www.kerrycoco.ie/creativeireland

Comhar, Cabhair, Caisleáin

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022





# Éire Ildánach CHIARRAÍ 2023-2027 | ACHOIMRE



**Chuimsigh an clár um Éire Ildánach Chiarraí 2018-2022 breis agus 500 ealaíontóir agus déantóir chruthaitheacha a d'oibrigh go díreach le líon ba mhó ná 120,000 duine chun páirt a ghlacadh in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha ardchaighdeáin a bhain go sonrach le Ciarraí agus a deineadh i bpearsain, go digiteach agus ar bhonn croschineálach.**

Is í an fhís atá ag Éire Ildánach Chiarraí i gcomhair na mblianta 2023-2027 ná tógaint ar an rath so trí dheimhin a dhéanamh de gur dlúthchuid í an chruthaitheacht de shaol laethúil mhuintir Chiarraí. Is é an lóchrann a thugann treoir dúinn go fóill ná gurb amhlaidh a thugtar saibhriú dár saolta agus tacaíocht dár bhfolláine, má bhímid ag gabháil do na healaíona cruthaitheacha.

Glacaimid treoir ón luach a bhaineann leis an gcruthaiteacht a chaomhnú agus a chur chun cinn, agus a bhaineann leis an nuálaíocht a shaothrú i gcontae a bhíonn neadaithe san fholláine. Bainfimid so amach trí chumas a shaothrú san earnáil chruthaitheach chun a bheith rannpháirteach leis na pobail i gCiarraí; trí thacaíocht a dhíriú ar a bheith i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha áitiúla agus náisiúnta; agus trí chur chuige solúbtha a chothú chun é a chur ar ár gcumas a bheith ag obair i gcomhar le chéile d'fhonn forbairt agus cothú a dhéanamh ar na deiseanna rannpháirtíochta ar fud na bpobal.

Tríd an mbuíon daoine de chuid Éire Ildánach Chiarraí, déanfaimid deimhin de go mbeidh cion lárnach feidhme ag an gcruthaitheacht ó thaobh ár gcomhthodhchaí a mhúnlú agus go mbeidh sí leabaithe sna lár-rannóga agus lár-ranna líonmhara laistigh den obair de chuid Chomhairle Contae Chiarraí agus de chuid Phlean Forbartha an Chontae 2022-2027. Oibreoimid in éineacht leis na heochairpháirtnéirí straitéiseacha agus na heochairpháirtithe leasmhara ar bhonn áitiúil, ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn náisiúnta, agus beidh comhfhís againn ar fad maidir le forás straitéiseach a dhéanamh ar an gcumas cruthaitheach agus ar an rannpháirtíocht chruthaitheach i gcomhair ár gcuid saoránach.

Tacóidh Éire Ildánach Chiarraí 2023-2027 leis an earnáil chruthaitheach trí bheartais a chothú, trí bhonneagar a sholáthar agus trí dheiseanna geilleagracha a fhorbairt ar mhaithe le tionscail chruthaitheacha ar fud an chontae. Oibreoimid i gcomhar leis na heochairpháirtithe leasmhara chun méadú a chur ar acmhainneacht earnáil na dtionscal cruthaitheach, lena n-áireofar tionscal na scannán agus tionscal na scáileán, d'fhonn iomaíocht a dhéanamh chun go lonnófar a thuilleadh léiriúcháin scannáin agus scáileáin i gCiarraí, agus ar an gcuma san deiseanna fostaíochta a chur ar fáil ar fud na hearnála cruthaithí agus in áiteanna eile nach í.

Comhar, Cabhair, Cairdeas

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland*
*Programme*
2017–2022